# Saol Ella

## Eipeasóid 1: Ceacht 1

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 1: Cuid 1 **(00:00 – 11:25).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-1-ceacht-1/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas.

1. Tá **imeartas focal** le feiceáil i dteideal an chláir seo 'Saol Ella'- an féidir leat é a oibriú amach? An dóigh leat gur teideal cliste é? Cén fáth?
2. Tá an clár seo **suite i nGaeltacht Chonamara**. An raibh tú riamh sa Ghaeltacht nó an bhfuil cónaí ort sa Ghaeltacht? Labhair faoi sin.
3. Céard iad na rudaí a bhfuil tú **ag súil leo** sa chlár seo atá bunaithe ar dhéagóirí i gConamara atá saor ón scoil don samhradh?




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad


**B. CLUASTUISCINT**

Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cá bhfuil máthair Ella, an dóigh leat?
   a. Tá sí imithe ar saoire.
   b. Tá sí imithe ar shlí na fírinne.
   c. Tá sí imithe ag obair.
2. Cé mhéad deartháir atá ag Ella?
3. Cén fhadhb *is mó* atá ag athair Ella?
   a. Tá sé gann ar airgead.
   b. Tá an teach ina phraiseach.
   c. Tá a chuid páistí díomhaoin don samhradh.
4. Cén buntáiste a luann Murt maidir le Gaeilgeoirí a choinneáil?
5. Tá Gearóidín faoi bhrú aisteach ag
   a. easpa Gaeilge na mBan Tí
   b. easpa lóistín sa cheantar
   c. easpa deiseanna an Ghaeilge a labhairt
6. Cén fáth a bhfuil stiúideo de dhíth ar Ella agus a cairde, Treasa agus Naoise?
7. Tá Saorla Ní Mhurchú fostaithe ag Máirín le
   a. cuidiú léi Gaeilgeoirí a choinneáil.
   b. cuidiú léi an teach a ghlanadh.
   c. cuidiú léi súil a choinneáil ar Mhurt.
8. Cé atá ar an mbealach go teach Ella?
9. Tá Ella crosta lena hathair. Cén fáth, an gceapann tú?









snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**C. LÍON NA BEARNAÍ**

Éist leis an bpíosa cainte anseo ina gcuirtear síos ar stair an choláiste agus líon na bearnaí thíos:

1. Bunaíodh Coláiste Mhaigh Rua sa bhliain ______________________________.
2. Tá an Coláiste suite cúpla ciliméadar siar ó ______________________________.
3. Bunaíodh an Coláiste chun an Ghaeilge a ______________________________ i measc an aosa óig.
4. Is í ____________________________ Príomhoide an Choláiste.
5. Bhí roinnt deacrachtaí ag an gColáiste go leor_____________________ go háirithe don chéad chúrsa.



**D. FEASACHT LITEARTHA**

1. Bunaithe ar a bhfuil feicthe agat go dtí seo, inis do thuairim faoi na carachtair seo thíos. Tá ceann amháin déanta mar shampla.

| | |
|---|---|
| **Ella** | Is déagóir ceolmhar í Ella. Is aoibhinn léi a bheith ag seinm ceoil. Tá beirt chairde aici, Treas agus Naoise. Tá banna ceoil acu. Ní réitíonn sí go rómhaith le Saorla Ní Mhurchú. Braitheann sí a Mam go mór uaithi. |
| **Dan (Daid Ella)** | |
| **Rónán (Deartháir Ella)** | |
| **Liam (Deartháir Ella)** | |
| **Máirín Jude (Bean tí áitiúil)** | |
| **Saorla Ní Mhurchú (Cúntóir Mháirín)** | |







© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Pléigh na ceisteanna seo thíos le do pháirtí ranga:

   a. Cén carachtar **is mó** a thaitníonn leat? Cén fáth?
   b. Cén **namhaid** atá ag Ella? Cén fáth a bhfuil **naimhdeas** eatarthu, an dóigh leat?
   c. An **gcaitheann Máirín go dona le** Murt, an dóigh leat? Cén chaoi?

## E. STÓR FOCAL & SAIBHREAS TEANGA



1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. tá tú i do shuí. | *a. starving* | 1. | |
| 2. is cosúil | *b. relocate* | 2. | |
| 3. ar ball | *c. searching* | 3. | |
| 4. ná habair é | *d. come here* | 4. | |
| 5. gabh i leith | *e. it seems* | 5. | |
| 6. athlonnú | *f. opinion* | 6. | |
| 7. straois | *g. You're awake.* | 7. | |
| 8. stiúgtha | *h. later* | 8. | |
| 9. barúil | *i. quite* | 9. | |
| 10. ag cuardach | *j. grin* | 10. | |
| 11. sách | *k. don't mention it* | 11. | |

2. Seo cúpla nath a tháinig aníos le linn an chláir seo. An féidir leat iad a chur in abairtí ina léirítear a mbrí?

| | |
|---|---|
| a. suaimhneas a fháil | |
| b. thapaigh mé an deis | |
| c. tá muinín agam as | |
| d. fainic a chur ar | |
| e. is é do thráth teacht | |





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

3. Úsáideann a lán carachtar **an nath cainte** 'i bponc' a léiríonn go bhfuil duine i sáinn, i ndroch-chaoi, i ndrochriocht nó i gcruachás. An féidir leat focail atá ar comhchiall leis na focail seo a leanas a aimsiú? Bain úsáid as www.focloir.ie le cabhrú leat.

| | |
|---|---|
| a. ar buile | |
| b. tuirseach | |
| c. stiúgtha | |
| d. suaite | |
| e. díomhaoin | |



**F. SCRÍOBH**

Scríobhann Ella ina dialann gach lá. Léigh an sliocht seo thíos ón dialann.

31 Bealtaine 2025

A Dhialann dhil,

Ó bhó! A leithéid de lá! Táim tinn tuirseach de gach duine sa teach seo, mo Dhaid go háirithe! Ní phléann sé aon rud liom. Tá cinneadh déanta aige glacadh le Gaeilgeoirí gan teacht chun cainte liom i dtosach. Is ar éigean a chreidim é! Nach dtuigeann sé go bhfuil mé i mo bhall den teaghlach seo freisin? Ar maidin dúirt sé liom go raibh lánchead agam féin, Treas agus Naoise an Den a úsáid chun cleachtadh ceoil a dhéanamh. Bhí mé fíorbhuíoch de mo spás féin a thabhairt dom sa teach agus gan Liam ná Rónán ag cur isteach orm! Ansin, tar éis dó filleadh ó na siopaí ghairm sé cruinniú teaghlaigh sa chistin chun a phlean a chur ar ár súile dúinn. Dá mbeadh Mam fós beo ní ligfeadh sí dó é seo a dhéanamh ná dul siar ar a chuid gealltanas. Táim ar deargbhuile leis agus tá náire orm anois go gcaithfidh mé téacs a chur chuig mo chairde chun an drochscéala a roinnt leo. Níl an saol seo ceart ná cóir.

Sin é uaim go fóill,

Oíche mhaith,

Ella. XXX

(CRÁITE AG M'ATHAIR!!)






snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Anois, scríobh i do dhialann phearsanta féin faoin lá deireanach scoile a bhí agat anuraidh roimh theacht an tsamhraidh. Scríobh thart ar 150 focal.











© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## G. FEASACHT TEANGA: EAGARTHÓIREACHT

Tá tú i d'eagarthóir ar Nuachtlitir Choláiste Mhaigh Rua. Déan eagarthóireacht ar an sliocht thíos ón Nuachtlitir. Tá **15 bhotún** ar fad ann. Aimsigh gach botún agus scríobh (a) uimhir na líne, (b) an leagan mícheart agus (c) an leagan ceartaithe **sa ghreille ar an gcéad leathanach eile.**

| | |
|---|---|
| 1 | Tá fáilte agus fiche romhabh go léir ar ais go Coláiste Mhaigh Rua don céad chúrsa |
| 2 | Gaeilge an samhradh seo, 2025! Is mise Tadhg Ó Ruairc agus is mór an phléisiúr dom |
| 3 | a bheith mar eagarthóir ar Nuachtlitir Choláiste Mhaigh Rua arís i bliana. Thapaigh |
| 4 | mé an deis nuair a tháinig an Príomhoide, Gearóidín Ní Chonghaile, chugam arís |
| 5 | chun tabhairt faoin bpost don tríú blianta as a chéile. |
| 6 | Bhí Gearóidín tar éis a rá liom go raibh sí i bponc an tseachtain seo caite nuair a |
| 7 | cailltear Brídín Bn Uí Dhireáin go tobann. Bean tí álainn ab ea í Brídín a chaith tríocha |
| 8 | samhradh ag tabhairt togha na aire do Ghaeilgeoirí Choláiste Mhaigh Rua. Go raibh |
| 9 | leaba i measc na Naomh aici agus tá súil agam go mbeidh sí in ann suaimhneas a |
| 10 | fháil anois. Chaith mé cúpla samhraidh i dTigh Bhrídín Bn Uí Dhireáin agus mé i mo |
| 11 | dhalta agus ní raibh a sárú le fáil ó thaobh an aráin bhaile. |
| 12 | Tá an-mhuinín go deo agam as an foireann iontach atá curtha le chéile ag Gearóidín |
| 13 | i mbliana. Tá an Leasphríomhoide, Ferdia, ar ais arís agus Gaeilge bhreá Dhún na nGall |
| 14 | le cloisteáil timpeall an coláiste. Nach againn an t-ádh? Beidh Lúsaí agus mé féin ar |
| 15 | ais mar Ardchinnirí. Táimid ag tnúth go mór leis an seal spraoiúil seo agus tá súil |
| 16 | againn go mbainfidh sibh taitneamh agus tairbhe as bhur seal i gColáiste Mhaigh |
| 17 | Rua! Fainic nach ndéanann sibh dearmad scéaltaí an Choláiste a roinnt liom ionas |
| 18 | gur féidir liom sibh a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí ó seachtain go seachtain! |










snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| Uimhir na Líne | An Leagan Mícheart | An Leagan Ceartaithe |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |











© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ AGUS TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**



1. b. Tá sí imithe ar shlí na fírinne.
2. Beirt.
3. a. Tá sé gann ar airgead .
4. Tá airgead le déanamh orthu..
5. b. easpa lóistín sa cheantar.
6. Tá siad ag iarraidh a bheith ag cleachtadh ceoil.
7. a. cuidiú léi Gaeilgeoirí a choinneáil.
8. Gheall sé úsáid an Den di ach tharraing sé siar an tairiscint sin.
9. Ochtar cailíní.

**C. LÍON NA BEARNAÍ**

**Coláiste Mhaigh Rua (Script). Tá cló trom ar na freagraí.**

Bunaíodh Coláiste Mhaigh Rua sa bhliain **1933** i gceantar Mhaigh Rua atá suite i gcroílár Chonamara. Tá an Coláiste cúpla ciliméadar siar ó **na Forbacha**. Tá clú agus cáil ar Choláiste Mhaigh Rua ó bhunaigh Dubhghlas de hÍde agus a chairde ó Chonradh na Gaeilge é chun an Ghaeilge a **mhúineadh agus a spreagadh** i measc an aosa óig. Tá roinnt daoine cáiliúla tar éis a gcuid Gaeilge a fhoghlaim ann ó shin. Is í **Gearóidín Ní Chonghaile** príomhoide Choláiste Mhaigh Rua agus tá sí ag obair leis an gcoláiste ó bhí sí ina déagóir í féin. Choinnigh a máthair Gaeilgeoirí agus is aoibhinn léi dúshlán agus éagsúlacht a róil. I mbliana, bhí roinnt deacrachtaí ag an gcoláiste go leor **lóistín a aimsiú**, go háirithe don chéad chúrsa ag tús an tsamhraidh. Deir Gearóidín gur fadhb fhorleathan í seo ar fud na tíre agus gur gá don rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar liúntas na mban tí chun iad a spreagadh Gaeilgeoirí a choinneáil.

**D. CARACHTRACHT**

Tabhair deis do na daltaí a gcuid tuairimí faoi charachtair *Saol Ella* a scríobh i rith an ranga nó mar obair bhaile.



**E. STÓR FOCAL & SAIBHREAS TEANGA**

1. Meaitseáil:

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. | 11. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | e | h | k | d | b | j | a | f | c | i |



snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Cuardaigh nathanna eile a bhaineann leis na frásaí seo ar na suíomhanna seo a leanas le teacht ar abairtí samplacha: www.focloir.ie, www.teanglann.ie, www.corpas.ie

3. Comhchiallaigh:

| | |
|---|---|
| a. ar buile | crosta |
| b. tuirseach | traochta, tugtha |
| c. stiúgtha | ocrach, craosach |
| d. suaite | trína chéile, brónach |
| e. díomhaoin | leisciúil |



**F. SCRÍOBH**

Tabhair am do na daltaí iontráil dialainne a scríobh. Is féidir é seo a dhéanamh sa rang nó mar obair bhaile.

**G. FEASACHT TEANGA**

| Uimhir na líne | An Leagan Mícheart | An Leagan Ceartaithe |
|---|---|---|
| 1 | romhabh | romhaibh |
| 1 | céad | chéad |
| 2 | phléisiúr | pléisiúr |
| 3 | bliana | mbliana |
| 5 | blianta | bliain |
| 7 | cailltear | cailleadh |
| 8 | aire | haire |
| 10 | samhraidh | samhradh |
| 12 | foireann | bhfoireann |
| 14 | coláiste | choláiste |
| 14 | againn | orainn |
| 15 | spraoiúil | spraíúil |
| 17 | scéaltaí | scéalta |
| 18 | seachtain | sheachtain |




snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad